

Níor Athbheodh an Laidin⁴

The language should not be presented to the people as an end in itself, but as part of the whole material, philosophical and sociological aspects of the nation. Tomás MacGabhan (óráid leis san *Irish Times*, 6 Márta).

An úsáid a déantar den nGaeilge i mBaile Átha Cliath inniu, agus sa bPoblacht i gcoitinne lasmuigh den nGaeltacht, tá sí an-chosúil le húsáid na Laidne san Eoraip ar feadh na gcéadta blian. Bhí ionad na Laidne sa gcomhlúadar níos tábhachtaí, ach tá sé ionchomparáide mar sin féin leis an ionad atá ag an nGaeilge i mBaile Átha Cliath faoi láthair. San dá chás is féidir úsáid ghradamach thánaisteach teanga a thabhairt air.

San Meánaois agus ar feadh tréimhse ina diaidh, scriobhadh na mílte leabhar sa Laidin, cumadh filiocht agus amhráin inti, bí gnáththeanga na seirbhise diaga í. Phléadh tionóil léannta agus eaglaiseacha a gcúrsai trí Laidin, d'úsáidtí go forleathan sa dlí í agus scriobhthaí na cáipéisí stáit inti. Ar feadh tréimhse fada, tugadh an t-oideachas go léir os cionn aois bhunscoile trí Laidin ar fad. Bhíodh an Laidin ar a thoil ag gach duine oilte, agus bhíodh abairtí agus focal Laidne a bheag nó a mhór ag cách. Ina theannta sin, bhí diograiseoirí Laidne ann a d'úsáideadh an Laidin mar mheán comhrá ar a gcóisreacha.

Mar sin féin, cé go raibh an chéim ard seo ag an Laidin agus an tábhacht shóisialta seo ag baint léi, níor athbheodh an Laidin riamh: ba theanga mharbh í agus d'fhan sí marbh. Cinnte, ní rabhthas ag iarraidh an Laidin a athbheochan, ach ní hé sin an pointe — nó, is cirte a rá, sin é díreach an pointe! An úsáid ghradamach thánaisteach seo a déantaí den Laidin, níor shíolraigh athbheochan aisti agus ní shíolródh riamh dá leanadh sí mar sin go deo. An cineál úsáide atá á déanamh den nGaeilge i mBaile Átha Cliath *in ainm athbheochana*, is í an cineál ceannann céanna úsáide i a bhí á déanamh den Laidin ar feadh na gcéadta blian ag daoine *nár theastaigh athbheochan* uathu. I bhfocal amháin, ní mar seo a chuirtear chuig teanga a athbheochan. Ach is é bealach seo na húsáide gradamaí tanaistí don nGaeilge atá gluais-eacht na Gaeilge ag dul le blianta fada; agus is é a mian mhór oifigiúil faoi láthair go mbrúfadhbh cumhacht stáit na tire ar aghaidh í ar an mbealach seo.

Bhí uachtaráinacht ag an Laidin i gcúrsai léinn agus stáit agus eaglaise, ach d'fhan sí tanaisteach agus marbh toisc ná raibh uachtaráinacht áitiúil aici áit ar bith agus toisc nár theastaigh ó éinne an uachtaráinacht sin a bhaint amach di. Bhí cumhacht agus gradam oifigiúil aici, ach ní raibh teascán ionadaíoch den aois aici ina ndéantaí polaitíochta, suírí, gnáthsmaoineadh, gnáthcheirdeanna na haoise agus gnótha an mhargaidh trí Laidin. Bhí pálás

⁴Inniu 28 Márta.

aici a mhair na céadta blian, ach bhí sí in éagmáis tí. Is é an cineál seo cinniúna *ar a mhéad* atá i ndán don nGaeilge má leanann gluaiseacht na teanga ar an mbealach ar bhfuil sí. Ach ar ndóigh ní shroichfeadh an Ghaeinge riámh in Éirinn ar an mbealach seo an chéim a bhí ag an Laidin san Eoraip tráth, toisc nach bhfuil an chéim sin ar fáil níos mó do theanga thánaisteach. Déanfaí *hobby* liteartha di — agus cur i gcéill oifigiúil.

Ní leor diograis chun athbheochan na Gaeilge a chur i gcrích: teastaíonn eolas freisin ar cad is teanga ann agus ar na dlíthe fáis agus beatha agus báis a bhaincann le teanga. Tá gluaiseacht na Gaeilge ar nós cuma liom i dtaobh na ndlíthe seo. Mar shampla, ar an leibhéal tuisceana is ísle, is é an gnáthrud nádúrtha troid ar son teanga a dhéanamh go priomhúil san áit, agus ar theoranna na háite, ina bhfuil an teanga sin á labhairt i gcónai mar mháthair-theanga. Ach tá gluaiseacht na Gaeilge le fada an lá ag déanamh a troda teibi go priomhúil sa nGalltacht, is é sin, mar a bhfuil an Ghaeilge ina teanga thánaisteach. Go dtí go mbíonn ceanncheathrú ghluaiseacht na teanga fódaithe i nGaeltacht Iarchonnacht — agus níor mhór é dhéanamh go tapaidh mar tá an Ghaeltacht seo ag casadh go Béarla in aghaidh an lae — ni bheidh an “ghluaiseacht” ag gluaiseacht i dtreo athbheochana ach i dtreo na Laidne. Beidh an Ghaeilge ag fáil seilbhe ar shiombail chumhachta agus ag cailliúint a hanama, a pobail stairiúil.

Caisleán sí atá á thógáil ag Gaeilgeoirí i mBaile Átha Cliath fhaid is atá teach cónaí na Gaeilge thiar ag titim as a chéile. Dá mbeadh eolas acu ar chúrsaí teanga, thuigfeadh siad gur tábhactaí go mór don teanga Gaeilge *anois* slabhra espressoar gona mboscáil ceirníní in Iarchonnacht ná teach ósta galánta i gCo. Chill Dara. Bheadh a scála tosaiochta i gceart acu. Thuigfidís freisin nach féidir *fiú dhátheangachas* a bhaint amach in Éirinn gan ceannas ceantrach diongháilte bheith ag an nGaeilge áit éigin ar dtús; agus nach mór don “áit éigin” sin, faoi mar atá an scéal, bheith in Iarchonnacha (áit a bhfuil ceannas faoi láthair ag saol an Bhéarla, bíodh is gur “Gaeltacht” í).

Ach níl sa méid seo go léir ach mionargóint agus nótaí ar imeall an leath-anaigh. Seo croí na ceiste: muna gcasann gluaiseacht na Gaeilge ar a priomhchuspóir tosaigh — pobal a dhéanamh arís as slua indibhidi difhréamhaithe atá ar deoraíocht óna ndúchas — caillfear an Ghaeilge mar theanga bheo. Athbhunú pobail, sin gnó mór na haoise seo agus an bealach i dtreo na haoise nua. Bhí sé d'éirim ag Conradh na Gaeilge an méid sin a aithint. Gníomhaiocht ar bith nach bhfuil baint aici leis an obair seo, titfidh sí uaithi féin ar charn bruscair na staire. Is é seo gníomh mór réabhlóideach na huaire; is é seo bunchíall na réabhlóide Éireannáí agus na dúiseachta nua atá ar siúl faoi láthair san Eaglais.

Tá chuile rud ag ár gcomhaimsirigh ach amháin an rud sin nach fiú bheith beo ina éagmáis: is é sin, pobal agus an muintearas saorphearsan, fréamh-

aithe sa ndúchas daonna, atá ar fáil laistigh de phobal. An friotal a threorós an slua ciaptha go firinneach i dtreo an Phobail Nua, éistfear leis go cíocrach. An teanga a labharfar sa bpobal nua seo agus a bheas mar eochair don saol nua seo, sin í an teanga lena gcloifear.

Is mar sin atá an scéal, agus athbheofar an Ghaeilge má tá go leor Gaeilgeoirí ann ar toil leo páirt a ghlaicadh i dtóigáil an Phobail Nua — an Iosrael Nua seo — in Iarchonnacha. Ní amháin go mbeadh soiscéal fiorshuumiúil, fiortharraingteach le craobhscaoileadh acu faoi dheiméadadh (rud nach bhfuil anois), ach bheadh gniomh sofheicthe sóisialta — fomhá chumhachtach — ag labhairt níos treise ar a son le croíthe ná d'fhéadfadh focal ar bith. Agus thiocfadh Éire go léir ag sodar go santach faoi dhéin na hiomhá sin i dtreo is go ndéanfaí pobal nua Éireannach den nGaelphobal eithneach in Iarchonnacha.

Is é an chéad rud atá le déanamh ná oifig imirce siar a oscailt i mBaile Átha Cliath (in áiteanna eile ina dhiaidh sin). Dhéanfadh an oifig seo bol-scaireacht; bhaileodh sí airgead ag na hAifrinn Ghaeilge gach Domhnach; chuirfeadh sí eolas ar fáil do na Gaeilgeoirí ar mhaith leo dul siar; bhaileodh sí eolas i dtaoibh Iarchonnacht agus dhéanfadh sí *liaison* le comhairlí paróiste is eile thiar. Ina dhiaidh sin, nuair a bheadh Údarás Iarchonnacht curtha ar bun, bheadh sí ag fónamh dósan mar ghníomhairesacht imirce siar; agus bunófaí gniomhaireschtaí imirce eile i Londain, Huddersfield agus mar sin de. Faoin dtráth seo, ar ndóigh, bheadh gluaiseacht na Gaeilge ag obair ar son thóigáil an Iarthair i gcoitinne ó Dhún na nGall go Ciarráí. Agus bheadh Gaeilgeoirí ag craobhscaoileadh soiscéal an Phobail Nua, agus ag tabhairt chinnireachta i dtóigáil a fhoras sóisialta, i mBaile Átha Cliath agus ar fud na Galltachta.

Ní focail mar mhaithe le focal atá á scriobh agam anseo ach fealsúnacht phearsanta a bhéas mar chreideamh agam, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, pé rud a tharlós. Ní mar mhaithe leis an nGaeilge ach mar mhaithe le daoine — chun go ndéanfaí pobal — is ea chabhraigh mé go dúthrachtach le cur ar bun chomhairle pobail i gCarna agus go bhfuil mé ag gníomhú mar bhall di. Ach tá fhios agam go bhfónann an obair seo don nGaeilge *agus go bhfuil si ar an gcineál oibre is mó a fhónann di*. Tá fhios agam go mbeadh dóchas blúire beag níos fearr ann don athbheochan dá mbeadh a leithéid seo de chomhairle i ngach paróiste Gaeltachta. Bheadh structúir ann ansin don gcomhoibriú, don bhfreámhú agus don bhfás sóisialta — rud nach bhfuil ann sa nGaeltacht ó thit a seanchomhluadar.

Agus féach, rud eile, tá ardeaspag nua againn i dTuaim anois nach minice focal ar a bheola ná *pobal*. Tá seans maith ann go mbeidh Eaglais eiseamhláireach againn i ndeoise Thuama laistigh de chúpla bliain: pobal nua eaglaise de réir intinn an *aggiornamento* nach mbeadh a shamhail in Éirinn. Sibhse, a Gaeilgeoiri Bhaile Átha Cliath agus Éireann uile, cad a chuirfeas

sibh lena hais sin as iomad bhur scileanna agus bhur gceirdeanna agus bhur ndúthrachta ar son an tsaoil Ghaelaigh? An dtabharfaidh sibh lámh chúnta dúinn? An mbeidh cuid agaibh páirteach linn i dtóigáil an phobail nua seo — nó an mbeidh sibh ag tabhairt cùil leis?

Ní chreidim féin go bhféadfaidh sibh cùl a thabhairt leis — an chuid is briomhaire agaibh ar aon nós.